

**ROALD DAHL**

**CHARLIE**

**AGUS MONARCHA  
NA SEACLÁIDE**

NIAMH NÍ ARGÁIN a d'aistrigh

An Chéad Eagrán Gaeilge 2019  
An tAistriúchán Gaeilge © Leabhar Breac 2019

The Roald Dahl Story Company Limited, 1980  
Is trádmharc cláraithe de chuid an Roald Dahl Story Company Ltd é Roald Dahl.  
Cóipcheart ar an obair ealaíne © 1980 le Quentin Blake

ISBN 978-1-909907-89-8

Gach ceart ar cosaint.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná sli, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí  
Ealaín: Quentin Blake

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Táimid buíoch den Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta  
as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
[www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)  
091-593592

1

# Seo Chugainn Charlie



Is iad an bheirt seanóirí críonna seo athair agus máthair an Uasail Bhuicéid. Daideo Muiris agus Mamó Muireann is ainm dóibh.



Agus is iad an tseanbheirt seo athair agus máthair Bhean Bhuicéid. Daideo Ciarán agus Mamó Ciara is ainm dóibh siúd.



Seo é an tUasal Buicéad. Seo í Bean Bhuicéad.  
Tá mac óg ag na Buicéid. Charlie Buicéad is ainm dó.



Seo é Charlie.

Cén chaoi a bhfuil tú? Agus cén chaoi a bhfuil tusa? Agus cén chaoi a bhfuil tú arís? Tá an-áthas air casadh libh.

Bhí an teaghlach ar fad — an seisear fásta (comhairígí iad) agus Charlie beag Buicéad — ina gcónaí le chéile i dteach beag adhmaid ar imeall an bhaile mhóir.



Ní raibh an teach sách mór ar chor ar bith don líon sin daoine, agus bhí saol uafásach míchompordach acu ar fad ann. Ní raibh sa teach ach dhá sheomra, agus aon leaba amháin. Tugadh an leaba don cheathrar seanóirí mar go raibh siad chomh sean agus chomh tuirseach sin. Bhí siad chomh tuirseach nach n-éirídís aisti ar chor ar bith.

Daideo Muiris agus Mamó Muireann ar an taobh seo, agus Daideo Ciarán agus Mamó Ciara ar an taobh seo.

Chodail Mamaí agus Daidí Buicéad agus Charlie beag Buicéad sa seomra eile, ar thochtanna ar an urlár.

Sa samhradh, ní bhíodh sé chomh dona sin, ach sa gheimhreadh, shéideadh seoidíní fuara trasna an urláir ar feadh na hoíche, agus bhíodh sé uafásach.

Ní raibh aon chaint ar theach níos mó agus níos compordaí a cheannach — ná fiú leaba amháin eile le codladh inti. Bhí siad i bhfad róbhocht.

Ba é an tUasal Buicéad an t-aon duine sa teaghlach a raibh post aige. D'oibrigh sé i monarcha taos fiacla, áit a gcaitheadh sé an lá ina shuí ag binse agus claibín á fháisceadh aige ar bharr gach tiúb nuair a líontaí é. Ach is beag a íoctar le fáisceoirí claibíní taos fiacla, agus ba chuma cé chomh dian a d'oibreodh an tUasal Buicéad, nó cé chomh sciobtha a d'fháiscfeadh sé na claibíní, ní fhéadfadh sé riamh a dhóthain airgid a shaothrú le leath na rudaí a theastaigh ó theaghlach chomh mór sin a cheannach. Ní bhíodh dóthain airgid ann fiú le bia ceart a cheannach dóibh ar fad. Ní bhíodh acu ach arán is margairín don bhricfeasta, fataí bruite is cabáiste don lón agus anraith cabáiste don suipéar. Bhíodh an Domhnach beagáinín níos fearr. Bhídís ar fad ag súil go mór leis an Domhnach mar,

bíodh gur mar a chéile an bia, bhíodh an dara babhla ann dóibh ar fad.

Níor cailleadh Muintir Bhuicéid leis an ocras, dar ndóigh, ach bhídís go léir — an dá sheanathair, an dá sheanmháthair, máthair Charlie, athair Charlie, agus Charlie beag féin go háirithe — ag imeacht thart an lá ar fad, ó dhubh go dubh, agus poll mór folamh ina mbolg acu.

Bhraith Charlie beag é níos measa ná duine ar bith eile. Cé gur mhinic nár ith a athair ná a mháthair a gcuid féin den lón ná den suipéar ionas go bhféadfaidís é a thabhairt do Charlie, ní raibh leath a dhóthain sa mhéid sin do bhuachaill a bhí ag fás suas. Bhí géarghá aige le rud níos substaintiúla agus níos sásúla ná cabáiste agus anraith cabáiste. Thar aon ní ar domhan, shantaigh Charlie ... SEACLÁID.

Ar maidin agus é ag siúl ar scoil, d’fheiceadh Charlie leaca móra seacláide carntha go hard i bhfuinneoga na siopaí, agus stopadh sé agus é ag stánadh, a shrón in aghaidh an phána agus uisce lena fhiacla. Ba mhinic, i rith an lae, a d’fheiceadh sé páistí eile ag tógáil barraí móra seacláide óna bpócaí agus á n-alpadh go craosach, agus ba *chrá croí* dó é sin, dar ndóigh.

Uair amháin sa bhliain, ar a bhreithlá, a bhíodh deis ag Charlie blaiseadh de ruainnín seacláide. Shábháladh an teaghlach ar fad a gcuid airgid don ócáid speisialta sin agus, nuair a thagadh an lá mór, bhronntaí barra beag seacláide amháin ar Charlie, dó féin amháin. Gach uair a gheobhadh sé é, na maidineacha iontacha breithlae sin, leagadh sé go cúramach i mbosca beag adhmaid a bhí aige é, agus choinníodh sé i dtaisce é amhail is gur bharra fíor-óir a bhí



ann; agus sna laethanta beaga ina dhiaidh sin ní cheadódh sé dó féin ach breathnú air, gan lámh a leagan air ar chor ar bith. Ansin, faoi dheireadh, nuair a bhíodh ag teip ar a fhoighne, stróiceadh sé ruainnín beag *bídeach* den pháipéar clúdaigh ó chúinne amháin le ruainnín beag *bídeach* den tseacláid a nochtadh, agus bhaineadh sé blaisín beag *bídeach* di — gan ann ach a dhóthain le blas álainn milis na seacláide a leathadh go mall ar a theanga. An lá dar gcionn, bhaineadh sé plaic bheag eile aisti, agus ceann eile, agus mar sin de. Agus ar an gcaoi seo, d'éiríodh le Charlie breis agus mí a bhaint as barra seacláide sé phingine a bhreithlae.

Ach níor inis mé duit go fóill faoin rud uafásach a chuireadh crá croí ar Charlie beag na seacláide, thar *aon ní* eile. Ba mheasa go mór fada leis an rud seo ná na leaca móra seacláide i bhfuinneoga na siopaí agus na páistí eile a fheiceáil ag mungailt barraí milse seacláide os a chomhair. Ba é an rud ba mheasa is ba uafásaí a d'fhéadfaí a shamhlú é, agus seo é é:

Sa bhaile mór, agus é le *feiceáil* ón teach ina raibh cónaí ar Charlie, bhí MONARCHA OLLMHÓR SEACLÁIDE!

Samhlaigh é!

Agus ní gnáthmhonarcha ollmhór seacláide a bhí ann ach an oiread, ba í an mhonarcha ba mhó agus ba cháiliúla ar domhan í! MONARCHA WONKA a bhí ann, ar le fear darbh ainm an tUasal Willy Wonka é, an cruthaitheoir agus an táirgeoir seacláide ab fhearr riamh. An áit ba bhreátha riamh! Bhí geata mór millteach iarainn sa bhealach iontrála, agus balla ard ina timpeall, agus deatach ag brúchtadh óna simléir, agus seabhrán is siúrsán aisteach ag teacht óna lár istigh. Agus taobh amuigh de na ballaí, ar feadh leathmhíle

ar gach taobh, bhí boladh trom saibhir na seacláide leáite ar an aer.

Faoi dhó gach lá, ar a bhealach chun na scoile agus ar a bhealach abhaile, b'éigean do Charlie beag Buicéad siúl thar gheata na monarchan. Agus gach uair a ghabhadh sé thairis, thosaíodh sé ag siúl go mall, go fíormhall, agus chrochadh sé a shrón go hard san aer le hanálú go domhain den bholadh álainn seacláide a bhí thart timpeall air.

Ó, nár bhreá leis an boladh sin!

Agus ó, nár bhreá leis dul isteach sa mhonarcha go bhfeicfeadh sé céard a bhí istigh inti!

## Monarcha Willy Uasail Wonka

Gach oíche, tar éis dó anraith tanaí cabáiste an tsuipéir a ithe, ghabhadh Charlie isteach go seomra an cheathrair seantuismitheoirí lena gcuid scéalta a chloisteáil, agus ansin le codladh sámh a ghuí orthu.

Bhí gach duine de na seanóirí seo os cionn nócha bliain d’aois. Bhí siad chomh seargtha le coirt crainn, chomh cnámhach le creatlacha, agus, i gcaitheamh an lae, go dtagadh Charlie abhaile, bhídís gróigthe le chéile ar an leaba, beirt ar gach aon taobh, caipíní oíche orthu lena gcloigne a choinneáil te, agus iad ag suanaíocht leo ansin gan aon cheo le déanamh acu. Ach chomh luath is a chloisidís an doras á oscailt, agus glór Charlie ag rá, ‘Dia daoibh, a Dhaideo Muiris agus a Mhamó Muireann, a Dhaideo Ciarán agus a Mhamó Ciara,’ shuíodh an ceathrar suas go tobann, agus lastaí gach seanaghaidh rocach le meangadh geal sásta — agus chuirte tú leis an gcaint. Mar bhí grá mór acu don bhuachaill beag seo. Ba é gile an tsaoil dóibh é, agus chaithidís an lá ar fad ag súil lena chuairt tráthnóna. Ba mhinic a thagadh máthair agus athair Charlie isteach chomh maith, agus sheasaidís sa doras ag éisteacht le scéalta na seanóirí, agus, ar an gcaoi seo, ar feadh b’fhéidir leathuair an chloig gach oíche, bhíodh sonas i réim sa seomra sin agus bhíodh dearmad déanta ag an teaghlach ar fad ar an ocra agus ar an mbochtaineacht.

Oíche amháin, nuair a chuaigh Charlie isteach chun a